# 13 An Ciste Carbóin a Imréiteach

**13.1** Nuair a glacadh le Prótacal Kyoto (an Prótacal) in 1997, leagadh síos spriocanna ceangailteacha do stáit thionsclaithe, lena n-áirítear Ballstáit an Aontais, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú thar dhá thréimhse ghealltanais: 2008 – 2012 agus 2013 – 2020 (féach Fíor 13.1).[1] In 2015, síníodh Éire do Chomhaontú Pháras chomh maith inar leagadh síos gealltanais maidir le laghduithe ar astaíochtaí GCT idir 2021 agus 2030.

**Fíor 13.1 Spriocanna astaíochtaí na hÉireann**

| Tréimhse | Sprioc |
|---|---|
| 2008 – 2012 | Astaíochtaí bliantúla a theorannú gan dul thar 13% os cionn leibhéil 1990, faoi dheireadh 2012.[a] |
| 2013 – 2020 | Astaíochtaí neamh-CTA a laghdú go 20% faoi leibhéil 2005 faoi dheireadh 2020. |

Foinse: Prótacal Kyoto (1997)

Nóta: a Roinneadh an fhreagracht as an sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú a bhaint amach leis an earnáil trádála agus le rialtas Bhallstáit an Aontais. Socraíodh uasteorainn uile-Eorpach ar astaíochtaí ó earnálacha áirithe atá dian ar fhuinneamh le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA). Ghlac an Stát freagracht as gach astaíocht neamh-CTA a laghdú.

**13.2** Faoin bPrótacal, ceadaíodh do náisiúin creidmheasanna carbóin a cheannach, ar a dtagraítear 'aonaid Kyoto' freisin, i gcás nach raibh siad in ann spriocanna astaíochtaí a bhaint amach trí bhearta maolaithe amháin.[2] Tá an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an Roinn) freagrach as cinntí maidir le haonaid charbóin a cheannach, de réir mar is gá agus nuair is gá.

**13.3** Bunaíodh an Ciste Carbóin (an Ciste) ag an Acht um an gCiste Carbóin, 2007 chun idirbhearta creidmheasa carbóin a thaifeadadh.[3] Ceapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) chun an Ciste a bhainistiú agus chun bheith ina gníomhaire ceannaigh ainmnithe thar ceann an Stáit. Bíonn na hidirbhearta creidmheasa carbóin á riar agus á mbainistiú ag an GBCN. Ceanglaítear uirthi freisin tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an tAire) maidir le gníomhaíochtaí an Chiste, agus ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.

**13.4** I ráitis airgeadais an Chiste don bhliain airgeadais 2024, tuairiscítear cealú na gcreidmheasanna carbóin deireanacha arna gceannach faoi shocruithe Kyoto a bhí fágtha. Tiomsaíodh an tuarascáil seo chun míniú a thabhairt ar chúlra agus ar chúiseanna an chealaithe.

## Spriocanna astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach

**13.5** Is éard a bhí i gceist le plean na hÉireann chun a spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a bhaint amach ná creidmheasanna carbóin a cheannach chun astaíochtaí tuartha thar theorainneacha Kyoto a fhritháireamh.

1. Glacadh le Prótacal Kyoto i mí na Nollag 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Feabhra 2005.

2 Tá aonad Kyoto coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin.

3 Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2008,* caibidil 19, Infheistíocht i gCreidmheasanna Carbóin.

### *Tréimhse ghealltanais 1 (2008 – 2012)*

**13.6** Don chéad tréimhse ghealltanais, réamh-mheasadh go gceanglódh astaíochtaí iomarcacha ar an Stát 18 milliún creidmheas carbóin a cheannach.[4]

**13.7** B'ionann líon iomlán na gcreidmheasanna a fuair an Stát ná díreach os cionn 9 milliún.

- Fuair GBCN 5.26 milliún creidmheas trí cheannacháin dhíreacha ón margadh ar chostas €89.6 milliún.
- Fuarthas na creidmheasanna eile trí infheistíochtaí de bheagán os cionn €26.5 milliún glan i gcistí iltaobhacha — an Ciste Bithcharbóin, an Ciste Carbóin don Eoraip agus an Ciste Iltaobhach um Chreidmheasa Carbóin (féach Iarscríbhinn 13A).

**13.8** Ní raibh ach 3.05 milliún i gceist leis an gceanglas iarbhír ó thaobh creidmheasanna carbóin de sa chéad tréimhse ghealltanais. Tharla sé sin den chuid is mó mar gheall ar an gcrapadh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch a tharla le linn na tréimhse 2008 – 2012. Bhí na creidmheasanna eile (beagnach 6 mhilliún) ar fáil le húsáid le linn an dara tréimhse ghealltanais.

### *Tréimhse ghealltanais 2 (2013 – 2020)*

**13.9** Bhí gealltanais na hÉireann don dara tréimhse Kyoto le comhlíonadh go príomha trí mheán Chinneadh an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill 2009.[1]

**13.10** Le linn na tréimhse 2019 – 2021, ceannaíodh beagnach 2.95 milliún d'aonaid laghdaithe astaíochtaí deimhnithe ag an gCiste ar chostas €2.1 milliún.[2]

**13.11** In 2021, measadh go gceanglódh astaíochtaí iomarcacha ag deireadh 2020 ar an Stát beagán os cionn 12 mhilliún creidmheas carbóin a ghéilleadh.[3]

**13.12** Mar gheall ar an gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill, cuireadh srianta áirithe ar na cineálacha creidmheasanna carbóin a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur i bhfeidhm i ndáil leis an tréimhse 2013 – 2020. Mar thoradh air sin, ní raibh Éire in ann 702,000 dá creidmheasanna carbóin a úsáid i leith thréimhse ghealltanais 2 (féach Fíor 13.2).

**13.13** Chun iarmhéid an dliteanais i leith sprioc 2020 a cailleadh a chomhlíonadh, go luath in 2023, ceannaíodh agus géilleadh 4.15 milliún aonad leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí ag an Roinn, faoi chomhaontú déthaobhach leis an tSlóvaic, ar chostas €2.9 milliún. Rinneadh an t-idirbheart sin ar leithligh ón gCiste.

4 An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide, 2007 – 2012.

1 Cinneadh Uimh. 406/2009/EC, an 23 Aibreán 2009.

2 Is sásra fritháirimh carbóin é an Sásra Glanfhorbraíochta a tugadh isteach i bPrótacal Kyoto lena ndéantar foráil maidir le haonaid 'laghdaithe astaíochtaí deimhnithe' a chruthú.

3 Tuarascáil Bhliantúil Chiste Carbóin GBCN 2021.

**Fíor 13.2 Creidmheasanna carbóin na hÉireann arna dtaifeadadh agus arna ngéilleadh de réir tréimhse[a,b]**

| | Tréimhse ghealltanais | |
|---|---|---|
| **Creidmheasanna carbóin** | **1 (2008 – 2012)** | **2 (2013 – 2020)** |
| | **000 creidmheas** | **000 creidmheas** |
| **Ag tús na tréimhse** | — | 5,967 |
| **Arna cheannach ag** | | |
| An Ciste | 9,019 | 2,944 |
| An Roinn | — | 4,150 |
| **Arna ngéilleadh** | (3,052) | (12,359) |
| **Iarmhéid ag deireadh na tréimhse** | **5,967** | **702** |

Foinse: GBCN agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tagraítear san fhaisnéis thuas d'idirbhearta a bhaineann leis an tréimhse, ní gá gurb ionann sin agus laistigh den tréimhse.

b Is creidmheasanna carbóin iad creidmheasanna a ceannaíodh le haghaidh thréimhse 1. Is creidmheasanna laghdaithe astaíochtaí deimhnithe agus aonaid leithdháilte bhliantúla astaíochtaí iad na creidmheasanna a ceannaíodh le haghaidh thréimhse 2.

## Cealú na gcreidmheasanna nár úsáideadh

**13.14** Ceadaítear le Prótacal Kyoto aonaid a chur ar ceal go deonach.

**13.15** Maíodh ag an Roinn gur thug an Coimisiún Eorpach comhairle do bhallstáit gan gníomh a dhéanamh maidir le haonaid bharrachais go dtí gur foilsíodh tuarascálacha athbhreithnithe don dara tréimhse ghealltanais faoi Phrótacal Kyoto ag an gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide a bhí le foilsiú faoi lár 2023.[4]

**13.16** Luaitear i ráitis airgeadais an Chiste Carbóin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 go raibh 702,000 creidmheas carbóin fós ag an Stát. Bhí siad á gcoinneáil ag luach nialais.

**13.17** I mí Aibreáin 2025, fuair GBCN treoir ón Roinn chun na 702,000 aonad eile a chur ar ceal go deonach ar an mbonn nach féidir iad a úsáid chun spriocanna reatha laghdaithe astaíochtaí an Aontais a chomhlíonadh agus nach bhfuil siad bailí le húsáid faoi Chomhaontú Pháras. Tharla an cealú ar an 17 Aibreán 2025 agus níl aon chreidmheas carbóin fágtha ag an gCiste anois.

## Creidmheasanna carbóin nár úsáideadh

**13.18** D’eascair os cionn 90% (637,000) den 702,000 creidmheas nár úsáideadh as infheistíocht na hÉireann sa Chiste Bithcharbóin. B’ionann glanmhéid €7.25 milliún agus ranníocaíocht iomlán na hÉireann don Chiste Bithcharbóin, a shaothraigh 1.859 milliún creidmheas.

**13.19** Níor áiríodh úsáid creidmheasanna a eascraíonn as gníomhaíochtaí úsáide talún faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill.[1] Gineadh creidmheasanna an Chiste Bhithcharbóin ó thionscadail foraoisithe/athfhoraoisithe agus ar an gcúis sin, ní raibh na creidmheasanna gaolmhara incháilithe le húsáid chun astaíochtaí iomarcacha a fhritháireamh sa dara tréimhse ghealltanais.

**13.20** D'eascair an 65,000 creidmheas eile nár úsáideadh as infheistíochtaí a rinneadh sa Chiste Carbóin don Eoraip agus sa Chiste Iltaobhach um Chreidmheasa Carbóin. Dúirt an Roinn nach raibh na creidmheasanna sin incháilithe le húsáid toisc go ndearna an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar liosta na gcreidmheasanna a bhí incháilithe le húsáid ag na Ballstáit faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill.

**13.21** Dúirt an Roinn go mbeadh sé casta costas na gcreidmheasanna sin a ríomh toisc go raibh an méid infheistíochta sna cistí sin socraithe ach d'athraigh líon na n-aonad a fuarthas de réir mar a cuireadh aonaid ar fáil ó líon níos mó tionscadal.

**13.22** Leagtar amach i gcreat reachtach reatha an Aontais spriocanna ceangailteacha maidir le laghduithe astaíochtaí GCT na mBallstát go dtí 2030. Ní dhéantar foráil leis sin ach maidir le trádáil nó úsáid aonaid leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí arna nginiúint ag Ballstáit an Aontais. cheadaítear leis trádáil ná úsáid creidmheasanna carbóin idirnáisiúnta a aithnítear faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

**13.23** De réir comhairle dlí faighte ag an Roinn, tugadh le fios nach ndéantar foráil leis an Acht um Chiste Carbóin, ina fhoirm reatha, maidir le haonaid 'leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí' a cheannach toisc gur aonad sonrach den Aontas iad nach n-aithnítear go neamhspleách faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide. Cuireadh in iúl freisin, áfach, go bhféadfaí an tAcht um Chiste Carbóin a leasú go héasca chun foráil a dhéanamh i dtaca le haonaid leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí a cheannach, faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972.

## Stádas an Chiste Carbóin

**13.24** Tá an Ciste díomhaoin ó 2022 gan aon sócmhainn seachas na 702,000 creidmheas carbóin neamh-inúsáidte a tugadh ar aghaidh ar luach nialasach. De bharr chealú na gcreidmheasanna i mí Aibreáin 2025, cuireadh deireadh leis na sócmhainní ainmniúla anois, agus tá an Ciste díomhaoin le fírinne.

**13.25** Ní áirítear san Acht Carbóin 2007 'clásal éagtha' a chuirfeadh le díscaoileadh uathoibríoch an Chiste go dlíthiúil nuair a bheadh deireadh lena ghníomhaíochtaí. Mar thoradh air sin, beidh ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla, agus tuarascáil bhliantúil don Aire, fós ag teastáil go dtí go n-athrófar an tAcht.

**13.26** Tabhaíonn GBCN costais riaracháin agus tuairiscithe an Chiste, agus ní nochtar aon mhuirear i ráitis airgeadais an Chiste. Ní dhéanann GBCN an Roinn a athmhuirearú as na costais riaracháin ná as tuarascáil bhliantúil an Chiste a chur ar fáil ná as ráitis airgeadais an Chiste a chur ar fáil. Measann GBCN gurb ionann thart ar €5,000 in aghaidh na bliana agus na costais sin.

1 Cumhdaítear na catagóirí seo a leanas faoi úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht: talamh foraoise, talamh curaíochta, féarthalamh, bogaigh, lonnaíochtaí, talamh eile agus táirgí adhmaid lománaithe.

## Conclúidí

**13.27** Baineadh leas as an gCiste Carbóin ar feadh tréimhse chun é a éascú d'Éirinn creidmheasanna carbóin a cheannach agus a shealbhú mar chuid dá straitéis chun spriocanna astaíochtaí a bhaint amach faoi Phrótacal Kyoto. Trí mheán an Chiste, chaith an Stát breis agus €118 milliún glan chun beagnach 12 mhilliún creidmheas carbóin a fháil chun oibleagáidí réamh-mheasta a chomhlíonadh go dtí deireadh 2022. Úsáideadh breis agus 11 mhilliún de na creidmheasanna chun oibleagáidí a chomhlíonadh le linn na tréimhse.

**13.28** Ceannaíodh agus géilleadh 4.15 milliún aonad ag an Roinn faoi chomhaontú déthaobhach leis an tSlóvaic, ar chostas €2.9 milliún. Rinneadh an t-idirbheart sin ar leithligh ón gCiste.

**13.29** Mar thoradh ar shrianta a tugadh isteach faoi Chinneadh an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill 2009, ní raibh Éire in ann úsáid a bhaint as an 702,000 creidmheas carbóin a bhí fágtha sa Chiste le linn an dara tréimhse ghealltanais Kyoto. Díscríobhadh go héifeachtach an costas a bhain leis na creidmheasanna nár úsáideadh a fháil.

**13.30** Tá na ceannacháin creidmheasa carbóin a rinneadh níos déanaí i bhfoirm aonaid leithdháileacháin bhliantúil astaíochtaí. De réir comhairle dlí faighte ag an Roinn, tugadh le fios nach ndéantar foráil leis an Acht um Chiste Carbóin, ina fhoirm reatha, i dtaca le haonaid den sórt sin a cheannach, ach go bhféadfaí é a leasú go héasca chun foráil a dhéanamh ina thaobh. Gan athrú ar an reachtaíocht, leanfar den tuairisciú airgeadais bliantúil agus den iniúchóireacht ar chuntas an Chiste Carbóin atá díomhaoin go héifeachtach. Mar sin féin, is ábhar beartais é athrú dá leithéid.

## Iarscríbhinn 13A Achoimre ar idirbhearta an Chiste Carbóin, 2007 go 2024

| | Costas €000 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Tréimhse ghealltanais | | | | |
| | 2008 – 2012 | | | 2013 – 2020 | |
| | Comhlán[a] | Aisíocaíocht[b] | Fo-iomlán | Caiteachas | Iomlán |
| Margadh | 89,573 | — | 89,573 | 2,117 | **91,690** |
| **Cistí iltaobhacha** | | | | | |
| An Ciste Bithcharbóin | 7,670 | (415) | 7,255 | — | **7,255** |
| An Ciste Carbóin don Eoraip | 4,100 | (98) | 4,002 | — | **4,002** |
| An Ciste Iltaobhach um Chreidmheasa Carbóin[c] | 20,000 | (4,746) | 15,254 | — | **15,254** |
| **Iomlán** | **121,343** | **(5,259)** | **116,084** | **2,117** | **118,201** |

| | Aonaid chreidmheasa carbóin (000)[d] | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Tréimhse ghealltanais 1 2008 – 2012 | | Tugtha anonn | Tréimhse ghealltanais 2 2013 – 2020 | | Iarmhéid |
| | Ceannaithe[e] | Úsáidte | | Ceannaithe | Úsáidte | |
| Margadh | 5,255 | — | 5,255 | 2,944 | (8,199) | — |
| **Cistí iltaobhacha** | | | | | | |
| An Ciste Bithcharbóin[f] | 1,859 | (1,222) | 637 | — | — | 637 |
| An Ciste Carbóin don Eoraip[g] | 244 | (200) | 44 | — | — | 44 |
| An Ciste Iltaobhach um Chreidmheasa Carbóin[h] | 1,661 | (1,630) | 31 | — | (10) | 21 |
| **Iomlán** | **9,019** | **(3,052)** | **5,967** | **2,944** | **(8,209)** | **702** |

Foinse: GBCN agus An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

Nótaí:

a Léiríonn figiúirí an ollchostais d'idirbhearta ciste na méideanna airgid a íocadh. D'fhéadfadh sé go ndearnadh gealltanais roinnt blianta sula ndearnadh an íocaíocht.

b Tháinig aisíocaíochtaí infheistíochtaí a rinneadh chun cinn nuair nach ndearnadh na cistí a aistríodh a infheistiú ar deireadh sna tionscadail éagsúla giniúna creidmheasa carbóin.

c Bhí an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil tiomanta cheana féin d'infheistíocht €20 milliún sa Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin, sular bunaíodh an Ciste Carbóin. Áirítear na creidmheasanna carbóin gaolmhara i dtuarascálacha bliantúla agus i ráitis airgeadais an Chiste.

d Fuarthas cineálacha éagsúla creidmheasanna carbóin — gach ceann acu coibhéiseach le tona méadrach amháin $CO_2$ — trí mheicníochtaí éagsúla.

e Is é nádúr na gcistí iltaobhacha ná go bhfuil líon agus uainiú na gcreidmheasanna carbóin infhaighte éiginnte. I roinnt cásanna, fuarthas creidmheasanna roinnt blianta tar éis na hinfheistíochta tosaigh.

f Dúnadh an Ciste Bithcharbóin in 2021.

g Dúnadh an Ciste Carbóin don Eoraip in 2018.

h Dúnadh an Ciste Iltaobhach um Chreidmheasa Carbóin in 2014.